

**PRÓTACAL CHUN DÉILEÁIL LE  
GEARÁIN A DHÉANTAR I gCOINNE  
CHOMHALTAÍ TOFA DE  
CHOMHAIRLE CATHRACH BHAILE  
ÁTHA CLIATH**

**Beartais agus Nósanna Imeachta**

**Meitheamh 2026**

## Clár

1.0	Réamhrá.....	2
2.0	Gearáin.....	2
3.0	Próiseáil an Ghearáin .....	3
4.0	Gníomhartha .....	5
4.1	Tuarascáil Imscrúdaithe .....	5
4.2	Atreorú chuig an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí.....	5
4.3	Atreorú chuig an nGarda Síochána .....	6
4.4	Aon Chúrsa Gníomhaíochta Eile a Mheastar a Bheith Cuí .....	6
5.0	Gearán a Tharraingt Siar.....	7
6.0	An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí .....	7

# PRÓTACAL CHUN DÉILEÁIL LE GEARÁIN A DHÉANTAR I gCOINNE CHOMHALTAÍ TOFA DE CHOMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH

Tá an prótacal seo scríofa ag féachaint don Chód Iompair do Chomhairleoirí arna fhoilsiú ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, agus ag an Acht Rialtais Áitiúil 2001, arna leasú ag an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, agus tagairt shonrach do Chreat Eiticiúil Chuid 15 don tSeirbhís Rialtais Áitiúil.

Níl i gceist leis an bprótacal seo ach déileáil le gearáin faoi shárú ar Chód Iompair na gComhairleoirí. Déileálfar le gearáin a mheastar a thagann faoi bheartais agus nósanna imeachta eile i gcomhréir leis na beartais agus na nósanna imeachta sin e.g. Beartas agus Nósanna Imeachta um Dhínit ag an Obair.

## 1.0 Réamhrá

Leagtar amach sa Chód Iompair do Chomhairleoirí prionsabail agus caighdeáin iompair, meas, dínit, comhionannais agus ionracais do Chomhairleoirí, agus iad ag comhlíonadh a bhfeidhmeanna agus ina gcaidreamh lena chéile, le fostaithe na Comhairle agus leis an bpobal. Tá sé mar aidhm ag an gcód an pobal a chur ar an eolas faoin iompar atá siad i dteideal a bheith ag súil leis óna n-ionadaithe tofa agus muinín an phobail sa rialtas áitiúil a choinneáil.

## 2.0 Gearáin

D'fhéadfadh ócáid a bheith ann nuair a mheasann duine go mb'fhéidir nár baineadh amach na caighdeáin atá leagtha amach sa Chód agus go bhfuil próiseas curtha i bhfeidhm ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoinar féidir gearáin faoi iompar Comhairleora a scrúdú nó a fhiosrú agus faoinar féidir cinntí a dhéanamh maidir le gearáin faoi iompar Comhairleora.

- 2.1 Ba chóir gearáin a chuirtear isteach faoi iompar Chomhairleoirí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a dhéanamh i scríbhinn agus a sheoladh chuig Cláraitheoir Eitice Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath nó is féidir iad a sheoladh trí ríomhphost chuig [natalie.leonard@dublincity.ie](mailto:natalie.leonard@dublincity.ie).
- 2.2 Tá foirmeacha gearáin ar fáil ón Údarás Áitiúil agus is féidir iad a sheoladh sa phost nó trí ríomhphost ar iarratas.
- 2.3 Ba chóir do ghearán, maidir le haon sárú líomhnaithe ar Chód Iompair na gComhairleoirí, mionsonraí a thabhairt ar:
  - a) Ainm, seoladh agus sonraí teagmhála an ghearánaigh.
  - b) Ainm an Chomhairleora – Cé leis a bhaineann an gearán.
  - c) Sonraí maidir leis an mí-iompar nó sárú líomhnaithe ar an gCód Iompair do Chomhairleoirí, lena n-áirítear, nuair is féidir, dátaí, sonraí finnéithe agus faisnéis

tacaíochta nó ábhartha eile.

- 2.4 Má tá aon cheann díobh seo a leanas soiléir ón ngearán, ní fhéadfar an líomhain a bhreithniú tuilleadh:
- a) Ní Comhalta den Údarás Áitiúil atá i gceist an Chomhairleoir, ábhar an ghearáin, tráth ar tharla an sárú líomhnaithe ar an gcód iompair.
  - b) Sa chás gur leanúint de chás / sraith cúinsí atá á mbreithniú faoi láthair ag an gCláraitheoir Eitice é an sárú líomhnaithe ar chód iompair.
  - c) I gcás inar breithníodh an sárú líomhnaithe sonrath ar chód iompair roimhe seo.
  - d) Féadfar gearán anaithnid a imscrúdú má bhaineann sé le hábhar atá thar a bheith tromchúiseach nó suntasach agus má tá dóthain sonraí prima facie nó fianaise tacaíochta curtha ar fáil chun an eachtra a scrúdú / fiosrú.
  - e) I gcás gur sárú de chineál beag é an sárú líomhnaithe ar chód iompair agus nach mbeadh gá le himscrúdú.
  - f) I gcás ina mbaineann an gearán le hábhar príobháideach/sibhialta.
- 2.5 Déanfar admháil ar an ngearán laistigh de thréimhse 10 lá ón dáta a fhaightear é.
- 2.6 Sa chás nach ndéantar breithniú breise ar ghearán de réir alt 2.4 thuas, beidh cead ag an ngearánach achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh gan scrúdú/fiosrú a dhéanamh, trí fhaisnéis bhreise a sholáthar laistigh de 10 lá ó dháta litir an Chláraitheora Eitice.
- 2.7 Cuirfidh an Cláraitheoir Eitice in iúl don Chomhairleoir a bhí faoi réir an ghearáin, go bhfuarthas gearán agus na chéad chéimeanna eile sa phróiseas má chreideann sé/sí go bhfuil sárú féideartha ann.
- 2.8 Ní mór gach faisnéis a fhaightear le linn an phróisis a láimhseáil go rúnda agus riachtanais na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, agus an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 a chomhlíonadh.

### 3.0 Próiseáil an Ghearáin

- 3.1 Sa chás go dtagann an Cláraitheoir Eitice ar an eolas faoi shárú féideartha ag Comhairleoir ar fhoráil de Chuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil 2001, tá sé de dhualgas air nó uirthi é a thabhairt faoi bhráid an Phríomhfheidhmeannaigh agus Ardmhéara Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (nó an Phríomhfheidhmeannaigh má bhaineann an t-ábhar leis an Ardmhéara). Is faoin bPríomhfheidhmeannach agus faoin Ardmhéara (nó faoin bPríomhfheidhmeannach, de réir mar is iomchuí) atá sé breithniú a dhéanamh ar an ngníomh ba cheart a dhéanamh de réir na reachtaíochta.
- 3.2 Tar éis scrúdú a dhéanamh ar an ngearán, féadfaidh an Príomhfheidhmeannach agus an tArdmhéara (nó an Príomhfheidhmeannach, de réir mar is iomchuí) cinneadh a dhéanamh an gearán a réiteach go neamhfhoirmiúil mar mhalairt ar imscrúdú foirmiúil agus moltaí/gníomhartha féideartha a mhionsonraítear i 4.4 thíos a dhéanamh. I gcásanna den sórt sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh aon chinneadh ann gur theip ar an gComhairleoir cloí leis an gCód Iompair do Chomhairleoirí.

3.3 Sa chás go ndéanann an Príomhfheidhmeannach agus an tArdmhéara (nó an Príomhfheidhmeannach, de réir mar is iomchuí) an cinneadh dul ar aghaidh le himscrúdú, mar a shonraítear in 4.0 thíos, cuirfear in iúl don ghearánach go gcuirfear a ngearán, faoi bhráid an Chomhairleora, ábhar an ghearáin.

3.4 Tabharfaidh Príomhfheidhmeannach agus Ardmhéara Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, mar a shonraítear in 3.1 thuas, fógra don Chomhairleoir atá i gceist go bhfuil gearán déanta fúthu agus tabharfaidh siad an deis don Chomhairleoir atá i gceist fianaise nó sonraí a sholáthar, laistigh de 10 lá, chun cabhrú lena seasamh a bhunú.

Tá Comhairleoir atá ina ábhar gearáin i dteideal nósanna imeachta córa. Cuirfear an méid seo a leanas in iúl go foirmiúil i scríbhinn do Chomhalta tofa a ndearnadh gearán nó líomhain ina choinne maidir le sárú ar an gCód Iompair do Chomhairleoirí:

- Go bhfuil gearán déanta ina gcoinne.
- Cuirfear cóip den ghearán ar fáil dóibh, nó cóip leasaithe, más iomchuí.
- Nach ndéanfaidh an Chomhairle aon chonclúid go dtí go ndéanfar na fíricí a imscrúdú.
- Go bhfuiltear ag súil go gcabhróidh siad leis an imscrúdú a mhéid is féidir le réasún.
- Go bhféadfaidh duine dá rogha féin a bheith i láthair má bhíonn agallamh le déanamh.
- Go bhfuil an ceart acu freagra a thabhairt/ráiteas a dhéanamh i ndáil leis an ngearán, i scríbhinn nó ó bhéal.
- Go ndéanfar, a mhéid is féidir le réasún, rúndacht an phróisis agus a bpríobháideacht a urramú.

3.5 Breithneoidh an Príomhfheidhmeannach agus Ardmhéara na Comhairle freisin cén gníomh ba chóir a dhéanamh.

Féadfaidh na gníomhartha seo a leanas a bheith san áireamh:

- a) Nach ndéanfar aon ghníomh eile, bíodh sin toisc nár léiríodh aon sárú ar an gCód Iompair, nó go meastar, bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach, nach mbeadh imscrúdú ar an ngearán tuillte.
- b) Féadfar cur chuige neamhfhoirmiúil a ghlacadh i gcás nithe nach bhfuil chomh tromchúiseach. (Déan tagairt do 4.4)
- c) Imscrúdú ar an ábhar. (Déan tagairt do 4.0)
- d) Atreorú chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. (Déan tagairt do 4.2)
- e) Atreorú chuig an nGarda Síochána. (Déan tagairt do 4.3)
- f) Aon ghníomh eile a mheastar a bheith cuí sna cúinsí. (Déan tagairt do 4.4).

3.6 Sa chás gurb é Ardmhéara na Comhairle ábhar an ghearáin, is é an Leas-Ardmhéara a chomhlíonfaidh cur i bhfeidhm na nósanna imeachta mar atá leagtha amach sa pholasáí seo don Ardmhéara.

## 4.0 Gníomhartha

### 4.1 Tuarascáil Imscrúdaithe

4.1.1 Déanfaidh an Príomhfheidhmeannach agus Ardmhéara na Comhairle:

- a) Cúis le Téarmaí Tagartha a chur faoi deara go n-ullmhófar ‘Tuarascáil Imscrúdaithe’ i scríbhinn (roimh ullmhú na Tuarascála Imscrúdaithe).
- b) Cúis go seolfar an tuarascáil sin a chur chuig an gCláraitheoir Eitice agus a choinneáil.
- c) An tuarascáil a sholáthar do:
  - i) An Comhairleoir (ábhar an imscrúdaithe)
  - ii) An Duine a rinne an Gearán

4.1.2 Féadfar torthaí an imscrúdaithe a leagan amach sa tuarascáil faoi 4.1.1 (a) mar aon lena chinntí i ndáil leis na hábhair seo a leanas:

- a) Cibé acu an raibh sé indéanta nó nach raibh bunús a thabhairt leis an ngearán.
- b) Cibé acu ar sháraigh an Comhairleoir lena mbaineann an Cód Iompair do Chomhairleoirí agus an bhfuil an sárú sin ag leanúint ar aghaidh.
- c) I gcásanna ina gcinntear sa tuarascáil nár sháraigh an Comhairleoir lena mbaineann an Cód Iompair, cibé an bhfuil an duine nó na daoine dá dtarchuirtear an tuarascáil den tuairim go raibh an gearán suaibhreasach nó cráiteach nó nach raibh aon chúis réasúnach leis.
- d) I gcásanna ina bhfaightear sa tuarascáil go bhfuil an sárú ag leanúint ar aghaidh, na céimeanna atá le glacadh ag an gComhairleoir chun a chinntiú go gcomhlíontar an Cód Iompair do Chomhairleoirí agus an tréimhse ama inar cheart céimeanna a ghlacadh chun comhlíonadh a chinntiú.
- e) Cibé an ndearnadh an sárú go neamhbheartaithe/gan cuimhneamh, go faillíoch, go meargánta nó d’aon ghnó.
- f) Cibé an raibh an sárú, sna cúinsí go léir, ina ábhar tromchúiseach nó ina ábhar beag.
- g) Ar ghníomhaigh an Comhairleoir de mheon macánta agus den tuairim láidir go raibh a ghníomh nó a gníomh i gcomhréir leis an gCód Iompair do Chomhairleoirí.
- h) I gcúinsí nach féidir cinneadh a dhéanamh, na cúiseanna nár éirigh leo teacht ar chinneadh.

### 4.2 Atreorú chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

4.2.1 Má tá gach bealach áitiúil ídithe in imscrúdú ag Príomhfheidhmeannach agus Ardmhéara na Comhairle mar a shonraítear in 3.1 thuas, agus go bhfuil siad den tuairim gur chóir an t-ábhar a atreorú chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, déanfaidh siad an méid seo a leanas:

Tuarascáil i scríbhinn a ullmhú maidir leis an ábhar agus í a chur ar fáil mar aon le haon

doiciméad ábhartha nó rud eile atá ina sheilbh don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí.

*Tabhair faoi deara: Déanann an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí maoirseacht ar na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001, ar Acht Rialtais Áitiúil 2001 (Creat Eiticiúil Cuid 15 do Sheirbhís Rialtais Áitiúil) agus ar Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015.*

- 4.2.2 Sa chás go mbaineann tuarascáil a d'ullmhaigh an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí le:
- a) Ardmhéara Údaráis Áitiúil, cuirfear ar fáil é do Leas-Mhéara an Údaráis agus dá Phríomhfheidhmeannach.
  - b) aon Chomhairleoir eile d'Údarás Áitiúil, cuirfear ar fáil é d'Ardmhéara an Údaráis agus dá Phríomhfheidhmeannach.
- 4.2.3 I gcás ina gcuirtear Tuarascáil Imscrúdaithe ón gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí ar fáil d'Údarás Áitiúil, breithneoidh an Chomhairle Thofa é.

### 4.3 Atreorú chuig an nGarda Síochána

Má tá Príomhfheidhmeannach agus Ardmhéara na Comhairle, le linn an imscrúdaithe nó ag deireadh an imscrúdaithe, den tuairim go bhfuil faisnéis aige nó aici a bhfuil a fhios aige nó aici nó a chreideann sé nó sí a d'fhéadfadh a bheith ina chúnaimh ábhartha chun cosc a chur ar aon duine eile cion ábhartha a dhéanamh, nó chun gabháil, ionchúiseamh nó ciontú aon duine eile i gcion ábhartha a áirithiú, ba chóir dóibh an fhaisnéis sin a nochtadh a luaithe is féidir é sin a dhéanamh go praiticiúil. Ar an mbonn sin, féadfaidh siad tuarascáil i scríbhinn a ullmhú i ndáil leis an ábhar agus aon doiciméad iomchuí nó rud eile atá ina seilbh a thabhairt don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus/nó do chomhlacht eile a bhfuil cumhacht reachtúil agus feidhm imscrúdaithe aige ar ábhair áirithe.

Cuirfear an Tuarascáil Imscrúdaithe, a shonraítear in 4.1 thuas, ar sos agus ní thabharfar chun críche í go dtí go gcríochnóidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus/nó comhlacht eile an t-imscrúdú reachtúil ábhartha.

### 4.4 Aon Chúrsa Gníomhaíochta Eile a Mheastar a Bheith Cuí

Féadfaidh Príomhfheidhmeannach agus Ardmhéara na Comhairle dá dtagraítear an gearán, mar a shonraítear in 3.1, cinneadh a dhéanamh ar aon chúrsa gníomhaíochta eile a mheastar a bheith cuí, mar mhalairt ar imscrúdú nó iarracht a dhéanamh an gearán a réiteach go neamhfhoirmiúil. I gcásanna den sórt sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh aon chinneadh ann gur theip ar an gComhairleoir cloí leis an gCód Iompair do Chomhairleoirí.

I measc na ngníomhartha féideartha a d'fhéadfaí a mheas tá:

- a) Moladh go ngabhfadh an Chomhairleoir lena mbaineann i mbun oiliúna.
- b) Moladh go ndéanfadh an Chomhairleoir lena mbaineann agus an gearánaí próiseas comhréitigh/idirghabhála.
- c) Athruithe ar nósanna imeachta na Comhairle a chur i bhfeidhm má bhí siad ina gcúis

- leis an ngearán.
- d) Scríobh chuig an gComhairleoir lena mbaineann chun forálacha an Chóid Iompair do Chomhairleoirí a chur i gcuimhne dóibh.
  - e) Scríobh chuig an gComhairleoir lena mbaineann ag moladh go ndéanfaí leithscéal leis an ngearánach.
  - f) Scríobh chuig an gComhalta lena mbaineann chun na ceanglais faoi Chuid 15 den Chreat Eiticíúil don tSeirbhís Rialtais Áitiúil a chur i gcuimhne dóibh.

## 5.0 Gearán a Tharraingt Siar

I gcás inar mian le gearánach a ngearán a tharraingt siar a luaithe a bheidh tús curtha le himscrúdú, féadfaidh an duine nó na daoine, dá dtagraítear an gearán, mar a shonraítear in 3.1, cinneadh a dhéanamh i dtaobh an gceadófar an t-iarratas. Breithneoidh an duine nó na daoine a gcuirfean an gearán faoina mbráid:

- a) An bhfuil leas an phobail i ngníomh a dhéanamh níos tábhachtaí ná mian an ghearánaigh é a tharraingt siar.
- b) An féidir gníomhú gan rannpháirtíocht an ghearánaigh.

## 6.0 An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí

Is féidir le haon duine gearán a dhéanamh i gcoinne comhalta údaráis áitiúil leis an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí: Tabhair faoi deara, go ndéileálfaí leis seo mar ghearán nua. Gníomhaíonn an Coimisiún go neamhspleách ina chinnteoireacht agus ní fóram é le haghaidh achomhairc i gcoinne cinní eagraíochtaí eile.

**An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí,  
6 Ardán Phort an Iarla,  
Naomh Caoimhín,  
Baile Átha Cliath 2  
D02 W773.**